CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2020/718 ÓN GCOMHAIRLE

an 28 Bealtaine 2020

lena gceaptar Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Márta 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/472 ([1]), lena mbunaítear agus lena seoltar oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI), faoi cheannas an tSeachaimiréil Fabio AGOSTINI mar Cheannasaí Oibríocht an Aontais Eorpaigh.

(2) An 30 Aibreán 2020, mhol Ceannasaí Oibríocht an Aontais Eorpaigh gur cheart an Seachaimiréal Ettore SOCCI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI don chéad leath dá bhfuil fágtha de théarma shainordú EUNAVFOR MED IRINI, agus go gceapfaí an Ceannasóir Theodoros MIKROPOULOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI don dara leath dá bhfuil fágtha den téarma sin.

(3) An 4 Bealtaine 2020, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh sin.

(4) An 6 Bealtaine 2020, d'aontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála leis an moladh sin.

(5) Ar chúiseanna oibríochtúla, is gá go mbeidh feidhm ag ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 6 Bealtaine 2020.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart an Seachaimiréal Ettore SOCCI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 6 Bealtaine 2020 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2020, agus an Ceannasóir Theodoros MIKROPOULOS ón 19 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Márta 2021.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí acu in ábhair chosanta. Dá bhrí sin, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Seachaimiréal Ettore SOCCI mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) ón 6 Bealtaine 2020 go dtí an 18 Deireadh Fómhair 2020. Leis seo, ceaptar Theodoros MIKROPOULOS mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar EUNAVFOR MED IRINI ón 19 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 31 Márta 2021.

([1]) Cinneadh (CBES) 2020/472 ón gComhairle an 31 Márta 2020 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir (EUNAVFOR MED IRINI) (IO L 101, 1.4.2020, lch. 4).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlacfar é.

Beidh feidhm aige ón 6 Bealtaine 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Bealtaine 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. GRLIĆ RADMAN